An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

# Creat Rialachais

# an Údaráis Rialála Carthanas

*Tábla 1 Mionsonraí faoin mbeartas*

| | |
|---|---|
| **Údar** | Gnóthaí Corparáideacha |
| **Uimh. Leasaithe** | Rev 002 |
| **Dáta** | 22 Meitheamh 2023 |

# Clár Ábhar

1. Réamhrá ....4
1.1 Cuspóir agus Raon Feidhme an Chreata Rialachais Chorparáidigh....5
1.2 Creat beo ....5
2.0 Forbhreathnú ar an Rialálaí Carthanas ....5
2.1 Reachtaíocht Rialaithe....5
2.2 Feidhmeanna an Rialálaí Carthanas ....6
2.3 Misean, Fís agus Luachanna ....7
3.0 Treo Straitéiseach agus Pleanáil Ghnó....7
3.1 Straitéis Chorparáideach ....7
3.2 Pleanáil Ghnó ....8
3.2 Tuarascáil Bhliantúil ....9
4.0 Leas-Sealbhóirí Seachtracha ....9
4.1 An Chairt do Chustaiméirí ....9
4.2 Caidreamh le Leas-Sealbhóirí....9
5.0 Struchtúr an Rialálaí Carthanas....10
5.1 Rialachas an Rialálaí Carthanas ....10
5.2 An tÚdarás Rialála Carthanas ....11
5.3 Coistí an Údaráis....11
5.4 Struchtúr Eagraíochta....13
6.0 Bord an Rialálaí Carthanas ....14
6.1 Cuntasacht Bhord an Rialálaí Carthanas....14
6.2 Freagrachtaí Comhchoiteanna agus Freagrachtaí Aonair na gComhaltaí de Bhord an Rialálaí Carthanas ....15
6.3 Éifeachtacht an Údaráis....16
6.4 Feidhmeanna an Údaráis agus tarmligean na bhfeidhmeanna sin ....17
6.5 Ról an Chathaoirligh ....18
6.6 Ról Rúnaí an Bhoird ....21
7. Coistí Bhord an Rialálaí Carthanas ....22
7.1 Ceapadh chuig Coistí Bhord an Rialálaí Carthanas....22
7.2 Tréimhse Ceapacháin chuig Coistí ....22
7.3 Éifeachtacht na gCoistí....22
7.4 Feidhmeanna na gCoistí....22
8. Príomhróil agus Príomhfheidhmeanna Phríomhfheidhmeannach, Fhoireann Feidhmiúcháin agus Bhaill Foirne an Rialálaí Carthanas ....23
8.1 An Príomhfheidhmeannach a cheapadh. ....23
8.2 Príomhfheidhmeannach Gníomhach a cheapadh ....23
8.3 Feidhmeanna, cumhachtaí agus oibleagáidí sonracha an Phríomhfheidhmeannaigh....23
8.4 Ról na Foirne Feidhmiúcháin ....25
8.5 Ról Bhaill Foirne an Rialálaí Carthanas ....25
9. Cóid Iompair, Eitic in Oifig Phoiblí, Nochtadh Leasanna agus Nochtadh Cosanta....26
9.1 Cód Iompair do Chomhaltaí den Údarás agus do Chomhaltaí Coiste. ....26
9.2 Nochtadh leasanna áirithe ....26

9.3 Sáruithe ar choinbhleachtaí leasa ....27
9.4 Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 ....28
9.5 An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 ....29
9.6 Neamhchomhlíonadh oibleagáidí reachtúla ....30
9.7 Beartas Coinbhleachta Leasa ....30
10. Cruinnithe agus Nósanna Imeachta an Údaráis Rialála Carthanas ....31
10.1 Buan-Orduithe an Údaráis ....31
10.2 Miontuairiscí ar Chruinnithe an Údaráis a Fhoilsiú ....31
10.3 Comhairle Ghairmiúil ....31
10.4 Comhaltaí nua a ionduchtú ....31
10.5 Gníomhaíocht comhaltaí tar éis Éirí As/Dul ar Scor ....31
10.6 Aisíocaíocht agus Caiteachais ....32
11. Socruithe Dearbhaithe, Iniúchóireachta agus Comhlíonta ....33
11.1 Tuairisciú Gnó agus Tuairisciú Airgeadais ....33
11.2 An Comhaontú Formhaoirseachta agus Dearbhaithe leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ....34
11.3 Iniúchóireacht Inmheánach ....34
11.4 An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais ....35
11.5 Creat Bainistíochta Riosca ....36
11.6 Tuairisciú ar Chomhlíonadh na gCaighdeán Rialachais ....37
11.7 Rialachas Faisnéise ....37
12. An Creat Rialachais a Athbhreithniú agus a Cheadú ....38
Stair Leasaithe an Chreata: ....39

# 1. Réamhrá

Tá an tÚdarás Rialála Carthanas ("an Rialálaí Carthanas") tiomanta d'ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a chothabháil. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin mar gheall ar an ngá atá ann go gcloífeadh an eagraíocht leis na caighdeáin a leagann sí síos do dhaoine eile.
Tá sé mar aidhm leis an gCreat Rialachais seo a chinntiú go bhfuil na príomhghnéithe uile de rialachas i bhfeidhm ag an Rialálaí Carthanas mar eagraíocht agus go gcoinneoidh sé a nósanna imeachta rialachais faoi athbhreithniú gníomhach. Tá sé mar aidhm leis an gCreat Rialachais freisin a mhíniú go soiléir dár leas-sealbhóirí agus don mhórphobal cén dóigh a rialaímid an eagraíocht agus cén dóigh a sanntar príomhfhreagrachtaí laistigh den Rialálaí Carthanas.

Tá an Creat Rialachais mar chuid de Chreat Rialachais agus Dearbhaithe foriomlán an Rialálaí Carthanas. Léirítear ann an reachtaíocht nach mór dúinn feidhmiú faoina bun, treoirlínte ón rialtas, lena n-áirítear an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ("an Cód"), agus na socruithe agus na cleachtais eagraíochta le haghaidh gnó an Rialálaí Carthanas a stiúradh agus a rialú.

Cuimsíonn rialachas corparáideach, mar atá tuairiscithe sa Chód (leathanach 4), "na córais agus na nósanna imeachta trína ndéantar eagraíochtaí a stiúradh, a rialú agus a bhainistiú". Ina theannta sin, luaitear sa Chód gur cheart do chomhlachtaí Stáit fónamh "do leasanna an Rialtais mar scairshealbhóir, do leasanna an cháiníocóra agus do leasanna gach leas-sealbhóra eile agus luach ar airgead a lorg ina gcuid oibre, lena n-áirítear riosca a bhainistiú go cuí. Luaitear sa Chód gur cheart do chomhlachtaí Stáit "gníomhú ar bhealach stuama, eiticiúil agus trédhearcach mar eintitis phoiblí agus a ngníomhaíochtaí a sheoladh ar bhealach atá ag teacht leis na freagrachtaí reachtúla atá orthu".

## 1.1 Cuspóir agus Raon Feidhme an Chreata Rialachais Chorparáidigh

Tá Creat Rialachais Chorparáidigh an Rialálaí Carthanas ceaptha chun a bheith ina threoir le haghaidh gach duine a oibríonn don Rialálaí Carthanas agus thar a cheann agus le haghaidh na ndaoine a bhfreastalaímid orthu. Leagtar amach ann na caighdeáin iompair a bhfuilimid ag súil leo ónár gcuid fostaithe agus sealbhóirí oifige, ár luachanna, agus na córais agus na nósanna imeachta rialachais a bhféachaimid le cloí leo. Tá ról le himirt ag gach ball foirne de chuid an Rialálaí Carthanas, ag gach comhalta den Údarás agus ag gach comhalta coiste maidir lena chinntiú go gcloítear le prionsabail an dea-rialachais agus go gcomhlíonann an Rialálaí Carthanas an Cód.

## 1.2 Creat beo

Is é an cuspóir atá leis an gCreat Rialachais seo a chinntiú:

- gurb éifeachtach, láidir, soiléir agus in-sainaitheanta atá córais chuntasachta agus freagrachta an Rialálaí Carthanas, lena n-áirítear na socruithe comhlíonta atá i bhfeidhm aige; agus
- go gcuirtear leis an gCreat de réir a chéile chun gur féidir leis an Rialálaí Carthanas oiriúnú ar shlí níos fearr d’athruithe sóisialta, polaitiúla, teicneolaíochta, comhshaoil agus geilleagracha. Ba cheart a léiriú sa Chreat go bhfuil an acmhainneacht ann é a fheabhsú agus a fhorbairt go leanúnach. Mar sin, tá an Creat ceaptha chun a bheith ina dhoiciméad beo a gcuirfear leis ar aon dul leis an dea-chleachtas.

Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach agus Bord an Rialálaí Carthanas athbhreithniú ar an gCreat ar bhonn tréimhsiúil, de réir mar is gá, chun éifeachtacht an Chreata a chinntiú agus chun an Creat a leathnú de réir mar a dhéantar tuilleadh beartas a fhorbairt agus a ghlacadh.

## 2.0 Forbhreathnú ar an Rialálaí Carthanas

### 2.1 Reachtaíocht Rialaithe

Bunaíodh an Rialálaí Carthanas an 16 Deireadh Fómhair 2014 agus tá sé freagrach as eagraíochtaí carthanúla (‘carthanais’) a rialáil agus as sócmhainní carthanúla a chosaint.

## 2.2 Feidhmeanna an Rialálaí Carthanas

Tá príomhfheidhmeanna an Rialálaí Carthanas leagtha amach san Acht Carthanas 2009 ('an tAcht'). Is iad seo a leanas na feidhmeanna sin:

- iontaoibh agus muinín an phobail as bainistiú agus riaradh iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla a mhéadú,
- comhlíonadh a ndualgas ag iontaobhaithe carthanas a chur chun cinn i rialú agus bainistiú iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla,
- úsáid éifeachtach maoine iontaobhas carthanúil nó eagraíochtaí carthanúla a chur chun cinn,
- cuntasacht eagraíochtaí carthanúla do dheontóirí agus do thairbhithe bronntanas carthanúil, agus don phobal, a chinntiú,
- tuiscint a chur chun cinn ar an gceanglas gur chun leas an phobail a bheidh aidhmeanna carthanúla,
- clár d'eagraíochtaí carthanúla a bhunú agus a chothabháil,
- comhlíonadh an Achta ag eagraíochtaí carthanúla a chinntiú, agus faireachán a dhéanamh ar an gcéanna,
- imscrúduithe a dhéanamh de réir an Achta,
- feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú trí fhaisnéis nó comhairle a sholáthar, lena n-áirítear go háirithe ar mhodh treoirlínte, cód cleachtais agus doiciméad bunreachtúil eiseamláireach a eisiúint (nó, de réir mar is cuí leis, a cheadú),
- cibé gníomhaíochtaí a sheoladh nó cibé faisnéis (lena n-áirítear faisnéis staidrimh) a fhoilsiú a bhaineann le heagraíochtaí carthanúla agus iontaobhais charthanúla agus is cuí leis, agus
- faisnéis (lena n-áirítear faisnéis staidrimh) nó comhairle a sholáthar don Aire, nó tograí a chur faoina bhráid nó faoina bráid, maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna an Rialálaí.

Tá feidhmeanna ag an Rialálaí Carthanas faoi na hAchtanna Carthanas, 1961 agus 1973, freisin i ndáil le seirbhísí agus cúnamh a sholáthar d'iontaobhaithe carthanas i leith cloí le hintinní daoine atá ag tabhairt tabhartas agus tiomnachtaí do charthanais. Aistríodh na feidhmeanna sin chuig an

Rialálaí Carthanas ó Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn faoi alt 82 den Acht Carthanas 2009.

## 2.3 Misean, Fís agus Luachanna

**Is é atá i gceist le Fís an Rialálaí[1]:**

"Earnáil carthanas atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil."

**Agus is é atá i gceist le misean an Rialálaí Carthanas:**

"An earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail chun comhlíonadh an dlí carthanas a chinntiú agus chun tacú leis an dea-chleachtas i rialachas agus i riarachán carthanas."

Is iad seo na luachanna atá ag an Rialálaí Carthanas, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise:

- *Neamhspleáchas*
- *Cothroime*
- *Comhréireacht*
- *Cuntasacht*
- *Meas*

# 3.0 Treo Straitéiseach agus Pleanáil Ghnó

## 3.1 Straitéis Chorparáideach

**Ráiteas Straitéise**

Ceanglaítear ar an Rialálaí Carthanas Ráiteas Straitéise ("Straitéis") a ghlacadh gach trí bliana[2]. Cuirtear an Ráiteas faoi bhráid an Aire, a shocraíonn ansin go leagfaí cóip de faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Leagtar amach sa doiciméad sin na príomhchuspóirí straitéiseacha don tréimhse

[1] Mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2022-2024
[2] De réir alt 29 den Acht Carthanas 2009

atá i gceist agus úsáidtear é mar bhonn do phleananna gnó bliantúla an Rialálaí. Ghlac an Bord an tríú Ráiteas Straitéise uaidh, rud lena gcumhdaítear an tréimhse ó 2022 go 2024.

**An próiseas le haghaidh an straitéis a shocrú**

Ullmhaítear Straitéis an Rialálaí Carthanas tar éis comhairliúchán a dhéanamh ar bhonn inmheánach laistigh den Rialálaí Carthanas agus ar bhonn seachtrach lenár leas-sealbhóirí. Cuirtear cóip den Straitéis faoi bhráid an Aire i leith na tréimhse trí bliana díreach tar éis na bliana ina ndearnadh an ráiteas straitéise a chur faoi bhráid an Aire amhlaidh.

Déanann comhaltaí de Bhord an Rialálaí Carthanas athbhreithniú ar an dul chun cinn in aghaidh na Straitéise ar bhonn tráthrialta chun a chinntiú go mbíonn na cuspóirí agus na méadrachtaí sainaitheanta á gcomhlíonadh, chun machnamh a dhéanamh ar éachtaí agus chun breithniú a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil nó ar aon bhaic nó aon rioscaí atá ann maidir leis na cuspóirí atá fágtha a bhaint amach.

## 3.2 Pleanáil Ghnó

Leagtar amach sa Phlean Gnó bliantúil ón Rialálaí Carthanas cén dóigh a gcuirfidh sé gníomhartha sonracha i gcrích, ar gníomhartha iad trína gcomhlíonfar na cuspóirí ardleibhéil atá leagtha amach sa Straitéis.

Tá ríthábhacht ag baint le Plean Gnó bliantúil a ullmhú agus a chur chun feidhme maidir le dul chun cinn a threorú ar leibhéal na heagraíochta agus ar leibhéal an duine aonair agus maidir le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sin. Ceadaíonn Bord an Rialálaí Carthanas an Plean Gnó bliantúil agus an buiséad bliantúil agus déanann sé faireachán ar fheidhmíocht agus dul chun cinn ar bhonn ráithiúil trí leas a bhaint as sásra Rianaire Plean Gnó.

Nascann an Rialálaí Carthanas na spriocanna straitéiseacha agus na spriocanna bliantúla atá aige le hobair Fhoireann Feidhmiúcháin an Rialálaí Carthanas agus le hobair a chuid ball foirne trí chóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta an Rialálaí Carthanas. Cumasaítear leis an gcóras sin d’fhostaithe a fheiceáil cén dóigh go díreach a rannchuidíonn a gcuid oibre féin le cuspóirí straitéiseacha an Rialálaí Carthanas a bhaint amach.

### 3.2 Tuarascáil Bhliantúil

Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil príomhéachtaí an Rialálaí Carthanas ar aon dul lena chuspóirí straitéiseacha agus forbairtí eile a thit amach le linn na bliana roimhe sin. Soláthraítear sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais an fhaisnéis a theastaíonn chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais, staid airgeadais, shamhail ghnó agus straitéis an Rialálaí Carthanas. Cuirtear an Tuarascáil Bhliantúil faoi bhráid an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail faoin 30 Meitheamh gach bliain lena ceadú aige/aici agus lena leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais[3].

## 4.0 Leas-Sealbhóirí Seachtracha

### 4.1 An Chairt do Chustaiméirí

Tá rún daingean ag an Rialálaí Carthanas caidreamh a dhéanamh lenár gcustaiméirí ar bhealach cúirtéiseach, a chinntiú go soláthrófar seirbhísí go tráthúil, agus bheith faisnéiseach agus éifeachtach inár gcuid caidrimh de réir an 12 Phrionsabal um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí. Caithimid go cothrom lenár gcustaiméirí uile agus déanaimid dianiarracht a chinntiú go mbíonn na seirbhísí a sholáthraímid ag teacht lena riachtanais agus lena n-ionchais. Chuir an Rialálaí Carthanas Cairt agus Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí le chéile chun ár dtiomantas do sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a léiriú.

### 4.2 Caidreamh le Leas-Sealbhóirí

De réir alt 35 den Acht Carthanas 2009, déanann an Rialálaí Carthanas cibé bearta a mheasann sé is cuí chun dul i gcomhairle le daoine a measfaidh sé go ndéanfaidh comhlíonadh a fheidhmeanna difear dóibh. Is ag an Rialálaí Carthanas atá raon leathan leas-sealbhóirí a ndéanann sé caidreamh leo agus a dtéann sé i gcomhairle leo, lena n-áirítear: Bord an Rialálaí Carthanas; baill foirne an Rialálaí Carthanas; eagraíochtaí carthanúla; tairbhithe carthanas; daoine den phobal i gcoitinne; airí; ranna agus coistí eile rialtais; ionadaithe poiblí; comhaltaí den Oireachtas; rialálaithe eile; comhlachtaí poiblí; gníomhaireachtaí Stáit; agus soláthraithe earraí agus seirbhísí.

Tá rún daingean ag an Rialálaí Carthanas leas a bhaint as raon éagsúil modhanna agus meán

[3] De réir alt 31.1 den Acht Carthanas 2009


chun dul i gcomhairle lenár leas-sealbhóirí uile. Iarraimid tuairimí ár leas-sealbhóirí, éistimid le tuairimí ár leas-sealbhóirí agus tugaimid aird ar thuairimí ár leas-sealbhóirí trí fhóraim éagsúla, lena n-áirítear suirbhéanna, seimineáir Ghréasáin, grúpaí oibre, painéil chomhairleacha, an fóram leas-sealbhóirí, ceardlanna, láithreoireachtaí agus cruinnithe.

# 5.0 Struchtúr an Rialálaí Carthanas

## 5.1 Rialachas an Rialálaí Carthanas

Tá an Rialálaí Carthanas ina chomhlacht reachtúil neamhspleách a bunaíodh faoin Acht Carthanas 2009 agus a rialaítear leis an Acht sin. Mar chomhlacht poiblí, oibríonn an Rialálaí Carthanas chun a chinntiú go gcomhlíonaimid na ceanglais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Tá Bord an Rialálaí Carthanas freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn a fheidhmeanna reachtúla á gcomhlíonadh chun leas an phobail. Áirítear leis sin straitéis an Rialálaí Carthanas a chomhaontú agus a chinntiú ansin go gcomhlíontar a chuspóirí straitéiseacha.




*Fíor 1: Struchtúr eagraíochta*

Ceaptar an Príomhfheidhmeannach faoin Acht Carthanas 2009. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as gnáthobair laethúil agus oibriú na heagraíochta a stiúradh agus as a fhéachaint chuige go gcuirtear straitéis agus cinntí an Rialálaí Carthanas chun feidhme ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Tugann an Príomhfheidhmeannach tuairisc do Bhord an Rialálaí Carthanas ar ghníomhaíochtaí agus feidhmíocht na heagraíochta.

## 5.2 An tÚdarás Rialála Carthanas

Foráiltear leis an Acht Carthanas 2009 nach mór líon nach lú ná naonúr comhaltaí agus nach mó ná 20 comhalta ("comhaltaí den Údarás") a bheith ann ar Bhord an Údaráis, ar comhaltaí iad a gceapann an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail iad. Tá ceanglais chomhaltais Bhord an Údaráis leagtha amach i Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

**Comhalta den Údarás a chur as oifig**

Féadfaidh an tAire comhalta den Údarás a chur as oifig:

(a) más rud é, i dtuairim an Aire, go bhfuil an comhalta tagtha chun bheith éagumasach, mar gheall ar easláinte, ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, nó

(b) más rud é, i dtuairim an Aire, gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe, nó

(c) más dealraitheach don Aire gur gá an comhalta a chur as oifig chun go ndéanfaidh an tÚdarás a fheidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach.

**Éirí as Comhalta den Údarás**

I gcás gur mian le comhalta den Údarás éirí as an mBord, ceanglaítear air/uirthi scríobh chuig an Aire chun fógra a thabhairt dó/di faoi sin agus cóip den litir a sheoladh chuig Cathaoirleach Bhord an Údaráis, a thabharfaidh fógra do na comhaltaí eile den Údarás faoin éirí as.

## 5.3 Coistí an Údaráis

Ceadaítear leis an Acht go mbunófaí Coistí chun na nithe seo a leanas a dhéanamh–

(a) cúnamh agus comhairle a thabhairt do Bhord an Údaráis i ndáil lena chuid feidhmeanna go léir nó aon cheann dá chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, agus
(b) cibé feidhmeanna de chuid an Rialálaí Carthanas a bheidh arna dtarmligean chucu a chomhlíonadh.

Is iad seo a leanas na Coistí a bhunaigh Bord an Údaráis faoi alt 1 agus faoi Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht:

1. An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais;
2. An Coiste Seirbhísí Carthanais;
3. An Coiste Feidhmíochta, Pleanála Acmhainní agus Comhairleach;
4. An Coiste Rialála; agus
5. An Coiste Ainmniúchán[4].

Féadfaidh Bord an Údaráis téarmaí tagartha coiste a chinneadh agus a nós imeachta a rialáil agus féadfaidh sé, le toiliú an Aire, ceann amháin nó níos mó dá chuid feidhmeanna is cuí leis a tharmligean chuig coiste. Tá Bord an Údaráis freagrach as daoine aonair a cheapadh chun fónamh ar choistí. Ceadaíonn an tÚdarás na ceapacháin a dhéantar chuig coistí. Déantar ainmniúcháin tar éis próiseas léiriú spéise.

Ba cheart fógra a thabhairt do Chathaoirleach an choiste agus do Bhord an Údaráis i gcás go n-éireoidh aon chomhalta coiste as.

Tá ag gach coiste a Théarmaí Tagartha féin, lena sainítear údarás, comhaltas, minicíocht cruinnithe, córam agus dualgais na gcoistí, mar a cheanglaítear leis an gCód.

Is iad seo a leanas na róil atá ag na cúig Choiste faoi láthair:

1. **An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais:** Is é ról an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais comhairle a thabhairt ar nithe a bhaineann le tuairisciú airgeadais, le bainistíocht riosca, le córais rialaithe inmheánaigh, le hiniúchóireacht

[4] Murab ionann agus na Coistí eile de chuid an Bhoird, ní buanchoiste é an Coiste Ainmniúchán, agus comórtar de réir mar is gá é.

agus leis an bpróiseas atá i bhfeidhm ag an Rialálaí Carthanas le haghaidh faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh a oibleagáidí reachtúla.

2. **<u>An Coiste Seirbhísí Carthanais:</u>** Is é ról an Choiste Seirbhísí Carthanais cabhrú le Bord an Údaráis na feidhmeanna a dílsíodh do Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla roimhe sin a chomhlíonadh. Áirítear leo sin diúscairt maoine carthanais a údarú, iontaobhaithe nua a cheapadh agus maoin carthanais a dhílsiú d'iontaobhaithe, Scéimeanna Corpraithe agus Scéimeanna Cy-Près a cheapadh, agus deontais agus scoláireachtaí a cheadú.

3. **<u>An Coiste Feidhmíochta, Pleanála Acmhainní agus Comhairleach:</u>** Is é ról an Choiste Feidhmíochta, Pleanála Acmhainní agus Chomhairligh cabhrú le Bord an Údaráis earcú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a bhainistiú, formhaoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas bainistíochta feidhmíochta don lucht ardbhainistíochta agus téarmaí agus coinníollacha bhaill foirne an Rialálaí Carthanas a bhreithniú, lena n-áirítear na téarmaí faoina ndéantar baill foirne a shannadh don Rialálaí Carthanas/a thabhairt ar iasacht dó/a leithdháileadh air/a aistriú chuige.

4. **<u>An Coiste Rialála:</u>** Is é ról an Choiste Rialála formhaoirseacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an dóigh a gcomhlíonann an tÚdarás na feidhmeanna clárúcháin, na feidhmeanna tuairiscithe agus na feidhmeanna eile rialála atá aige agus ar na rialuithe atá i bhfeidhm aige ina leith sin.

5. **<u>An Coiste Ainmniúchán:</u>** Is é ról an Choiste Ainmniúchán stiúradh a dhéanamh ar an bpróiseas le haghaidh daoine aonair a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla sonracha, eolas agus taithí iomchuí acu a chuardach, a shainaithint agus a mhealladh chun an ról mar chomhalta Seachtrach d'fhochoistí an Bhoird a chomhlíonadh.

## 5.4 Struchtúr Eagraíochta

Cuimsíonn Bord an Údaráis comhaltaí[5] a bhfuil raon leathan scileanna agus taithí acu, ar aon dul leis an gCód. Ba iad an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tAire Stáit don Roinn Forbartha

[5] Luaitear in alt 2(1) de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht Carthanas gurb é a bheidh ar an Údarás líon nach lú ná naonúr comhaltaí agus nach mó ná 20 comhalta

Tuaithe agus Pobail agus an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail a cheap na Comhaltaí den Údarás.

**An eagraíocht fhoriomlán**

Tá an chairt eagraíochta ar fáil ar ár suíomh Gréasáin. Cuimsíonn an eagraíocht roinnt aonad gnó a bhfuil freagracht orthu as Comhlíonadh agus Forfheidhmiú, as Clárú, as Gnóthaí Dlí agus Seirbhísí Carthanais, as Gnóthaí Corparáideacha, as Airgeadas, agus as Cumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí.

# 6.0 Bord an Rialálaí Carthanas

## 6.1 Cuntasacht Bhord an Rialálaí Carthanas

Faoi réir an Achta Carthanas 2009, beidh Bord an Rialálaí Carthanas neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna agus féadfaidh sé aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh trí aon chomhalta d'fhoireann an Rialálaí Carthanas a bheidh údaraithe chuige sin ag an mBord.

Is iad na comhaltaí de Bhord an Rialálaí Carthanas a fheidhmíonn cumhachtaí agus freagrachtaí an Údaráis, ag gníomhú dóibh i gcomhar lena chéile. Tá dualgas reachtúil agus dualgas muiníneach (i.e., an dualgas chun gníomhú de mheon macánta agus chun leas an Rialálaí Carthanas) ar gach comhalta den Bhord na cumhachtaí agus na freagrachtaí sin a chomhlíonadh. Tá Bord an Rialálaí Carthanas cuntasach don Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus don Oireachtas as feidhmíocht fhoriomlán na heagraíochta agus as a fhreagrachtaí poiblí a fheidhmiú trína chinntiú gur i gcomhthéacs leas an phobail a ghníomhaíonn sé i gcónaí.

Tá Bord an Rialálaí Carthanas freagrach as dea-rialachas a chinntiú trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Soláthraíonn an Bord treoir straitéiseach don Rialálaí Carthanas agus déanann sé faireachán ar ghníomhaíochtaí agus éifeachtacht an lucht bainistíochta. Tá an Bord freagrach as an bPríomhfheidhmeannach a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a f(h)reagrachtaí.

Tá an Bord cuntasach as a chuid cinntí, as feidhmíocht fhoriomlán na heagraíochta agus as a chinntiú go bhfuil an creat riachtanach eagrúcháin agus bainistíochta i bhfeidhm. Tá dualgas muiníneach air freisin i ndáil le gnóthaí agus airgeadas an Rialálaí Carthanas.

Ceanglaítear ar Bhord an Rialálaí Carthanas gníomhú ar bhonn láneolach, de mheon macánta, le dícheall agus cúram cuí agus chun leas an Rialálaí Carthanas, faoi réir na gcuspóirí a leagfaidh an rialtas síos. Tá ról tábhachtach le himirt ag an mBord maidir le meon agus cultúr an Rialálaí Carthanas a shocrú, ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus a chinntiú go leathfaidh caighdeáin rialachais agus iompraíochtaí eiticiúla ar fud gach leibhéil den eagraíocht. Ghlac an Rialálaí Carthanas Cód Iompair Gnó do Chomhaltaí den Bhord agus dá chomhaltaí coiste de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## 6.2 Freagrachtaí Comhchoiteanna agus Freagrachtaí Aonair na gComhaltaí de Bhord an Rialálaí Carthanas

Agus breithniú á dhéanamh ar róil agus freagrachtaí sa Rialálaí Carthanas, is iad an ról atá aige agus an sainchúram atá air an chéad phointe tagartha. Bunaíodh an Rialálaí Carthanas faoin Acht Carthanas 2009 (“an tAcht”). Is é an misean atá aige, mar atá leagtha amach sa straitéis uaidh, “an earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail chun comhlíonadh an dlí carthanas a chinntiú agus chun tacú leis an dea-chleachtas i rialachas agus i riarachán carthanas”. Úsáideann an Rialálaí Carthanas forálacha an Achta mar Théarmaí Tagartha don Bhord – leagtar ról an Bhoird amach i Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht. Bhunaigh sé Buan-Orduithe, ar rialacha iad le haghaidh an Bord a bhainistiú. Comhlíonann an Rialálaí Carthanas forálacha an Chóid maidir le Ról an Bhoird freisin[6].

Tugtar deis do gach comhalta de Bhord an Rialálaí Carthanas rannchuidiú le pléití an Bhoird agus tugtar spreagadh dóibh páirt chuiditheach a ghlacadh iontu. Ag an am céanna, ceanglaítear ar an mBord bheith san airdeall ar aon iarrachtaí a dhéanfaidh aon chomhaltaí tionchar iomarcach a imirt ar chinntí. Sa seomra Boird, cothaíonn an Bord cultúr lena dtacaítear le hoscailteacht agus le díospóireacht agus lena gcumasaítear do chomhaltaí den Bhord, do chomhaltaí den Fhoireann Feidhmiúcháin agus do bhaill foirne rannchuidiú éifeachtach a dhéanamh.

[6] Mar atá leagtha amach i rannán 1 den *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)*.

Oibríonn an Bord de réir phrionsabail na freagrachta comhchoitinne, na tacaíochta comhchoitinne agus an mheasa chomhchoitinn, an ionracais, na rúndachta, na dílseachta agus na cothroime. Is le comhthoil, seachas trí vóta foirmiúil, a dhéanann an tÚdarás a chuid cinntí de ghnáth. In éagmais comhthola, is trí vóta a dhéantar cinntí. In imthosca áirithe, is gá don Bhord cinneadh a dhéanamh san idirthréimhse idir cruinnithe sceidealaithe, agus bhunaigh an Bord Buan-Orduithe le haghaidh cinntí a dhéanamh idir cruinnithe sceidealaithe.

**Freagrachtaí aonair na gcomhaltaí de Bhord an Rialálaí Carthanas**

Cé go bhfuil sraith beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm lena gcinntítear go rialaítear an Bord go cuí, tá freagracht aonair ar na comhaltaí de Bhord an Rialálaí Carthanas as na nithe seo a leanas:

- na dualgais mhuiníneacha atá orthu a chomhlíonadh, lena n-áirítear aon choinbhleachtaí leasa a sheachaint;
- dóthain ama a chur i leataobh chun na freagrachtaí atá orthu a chomhlíonadh go héifeachtach, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
    - ullmhú go maith do chruinnithe Boird agus Coiste trí na páipéir chruinnithe a léamh;
    - freastal ar gach cruinniú de chuid an Bhoird; agus
    - freastal ar chruinnithe de chuid aon choistí dá bhfuil siad ina gcomhalta;
- rannchuidiú, de réir mar is cuí, le pléití an Bhoird nó an Choiste; agus
- breithiúnas neamhspleách a úsáid maidir le nithe atá os comhair an Bhoird.

Tagann an Bord le chéile naoi n-uaire ar a laghad gach bliain agus foilsítear miontuairiscí ar a chruinnithe ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas[7].

## 6.3 Éifeachtacht an Údaráis

De réir an Chóid, moltar i ndea-chleachtas rialachais go ndéanfadh gach comhlacht rialaithe meastóireacht thréimhsiúil ar a éifeachtaí atá siad chun a chinntiú go bhfuil an eagraíocht agus Bord an Rialálaí Carthanas éifeachtach go fóill maidir leis na hoibleagáidí dlíthiúla, rialála agus rialachais atá ar an eagraíocht a chur chun feidhme. Tionólann Bord an Rialálaí Carthanas Lá

[7] Tá miontuairiscí ar chruinnithe Boird ar fáil ag: https://www.charitiesregulator.ie/en/who-we-are/board-meeting-minutes

bliantúil Éifeachtacht an Bhoird, ar lena linn a dhéanann an Bord féinmheasúnú ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a chuid coistí.

Léirítear torthaí na meastóireachtaí sin i gcláir oibre bhliantúla an Bhoird agus a chuid coistí. Déanann an Bord faireachán leanúnach ar a struchtúir rialachais gach trí bliana, lena n-áirítear a fheidhmeanna forchoimeádta agus tarmligthe a athbhreithniú agus a athrú chun dáta nuair is gá. Déanann an Bord athbhreithniú ar na téarmaí tagartha dá choistí uile gach bliain freisin.

Ina theannta sin, déanann páirtí seachtrach measúnú seachtrach gach trí bliana, mar a cheanglaítear leis an gCód. Glacann Bord an Rialálaí Carthanas go fonnmhar le tionscnaimh lena gcabhrófar le feabhas a chur ar a éifeachtacht fhoriomlán. Déantar anailís ar an meascán inscne, éagsúlachta agus scileanna laistigh den Údarás le linn an phróisis meastóireachta freisin, mar a cheanglaítear leis an Iarscríbhinn (2020) maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú a ghabhann leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

I dteannta an Chóid, cloíonn an Rialálaí Carthanas leis na hoibleagáidí atá air faoi na Comhaontuithe bliantúla Formhaoirseachta agus Dearbhaithe a dhéanann sé leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, máthair-roinn an Rialálaí Carthanas. Leagtar amach i dtéarmaí ginearálta sa Chomhaontú sin na socruithe rialachais chorparáidigh atá i bhfeidhm agus róil agus freagrachtaí na bpáirtithe maidir leis na socruithe sin a éascú, a chur in iúl, a chomhlíonadh agus a chur i gcrích i roinnt réimsí, lena n-áirítear pleananna straitéiseacha, ráitis airgeadais agus iniúchóireacht inmheánach. Pléitear soláthar feidhmíochta sa Chomhaontú freisin, bunaithe ar na hionchuir riachtanacha acmhainní airgeadais agus daonna, ar spriocanna beartaithe agus spriocanna inghnóthaithe beartaithe agus ar thosca féideartha riosca.

## 6.4 Feidhmeanna an Údaráis agus tarmligean na bhfeidhmeanna sin

Is ar Bhord an Rialálaí Carthanas go fóill atá an fhreagracht fhoriomlán as príomhfheidhmeanna an Rialálaí Carthanas, mar atá sonraithe san Acht Carthanas 2009, a chomhlíonadh.

- Is é/í an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail a cheapann Bord an Rialálaí Carthanas, de réir an Achta.
- Tá Bord an Rialálaí Carthanas cuntasach don Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus don Oireachtas as feidhmíocht fhoriomlán na heagraíochta agus tá sé cuntasach don phobal as an dóigh a gcomhlíonann sé na feidhmeanna atá aige.

- Rinne Bord an Rialálaí Carthanas feidhmeanna reachtúla áirithe dá chuid a tharmligean chuig an bPríomhfheidhmeannach agus chuig comhaltaí eile den fhoireann ardbhainistíochta. Tá Beartas maidir le Feidhmeanna Tarmligthe a Fheidhmiú i bhfeidhm ag an mBord, rud ina mínítear an cur chuige a ghlacann sé i leith feidhmeanna tarmligthe a fheidhmiú agus ina leagtar amach na freagrachtaí atá ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar chomhaltaí eile den fhoireann ardbhainistíochta le linn dóibh na feidhmeanna sin a fheidhmiú.
- Fiú amháin i gcás go ndéanfaidh Bord an Rialálaí Carthanas feidhm a tharmligean, is é an Bord a bheidh sa chomhlacht cuntasach go fóill.
- Tá an Príomhfheidhmeannach cuntasach do Bhord an Rialálaí Carthanas as an Údarás a bhainistiú go héifeachtúil éifeachtach agus as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí.
- Tá an Príomhfheidhmeannach cuntasach agus freastalóidh sé nó sí ar Choiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas, i gcás go n-iarrfar air nó uirthi i scríbhinn déanamh amhlaidh.
- Is í Foireann Feidhmiúcháin an Rialálaí Carthanas, le tacaíocht ón bhFoireann Ardbhainistíochta, a bhainistíonn an Rialálaí Carthanas ar bhonn laethúil.
- Tá na cruinnithe de chuid an Údaráis, lena n-áirítear a chruinnithe coiste, faoi cheangal ag na Buan-Orduithe maidir le nósanna imeachta a rialáil ag cruinnithe arna nglacadh ag an Údarás de bhun alt 5(6) de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht Carthanas 2009.

## 6.5 Ról an Chathaoirligh

Tá roinnt shoiléir freagrachtaí ann idir ról an Chathaoirligh agus ról Phríomhfheidhmeannach an Rialálaí Carthanas, rud atá doiciméadaithe.[8]

1.1 Tá **an Cathaoirleach** freagrach as Bord an Údaráis a stiúradh i ndáil le feidhmiú a dhéanamh ar na feidhmeanna atá forchoimeádta don Údarás.

1.2 **Clár Oibre an Bhoird:** Tá an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach freagrach as clár oibre an Bhoird a bhainistiú go héifeachtach agus as a chinntiú go mbíonn dóthain ama ar fáil le haghaidh gach mír ar an gclár oibre, go háirithe saincheisteanna straitéiseacha ar leith, a phlé ag cruinnithe de chuid an Bhoird. Tagann an Cathaoirleach agus an

[8] De réir mhír 1.24 den Chód

Príomhfheidhmeannach le chéile roimh an gcruinniú Boird chun an clár oibre a chomhaontú. *(An Cód Cleachtais, 2.1)*[9]

1.3 **Cathaoirleacht a dhéanamh ar Chruinnithe Boird:** I gcás go mbeidh sé/sí i láthair, déanfaidh an Cathaoirleach cathaoirleacht ar an gcruinniú *(Buan-Ordú (BO) 6.1[10])* agus oibreoidh sé/sí de réir Bhuan-Orduithe 6.2, 6.3, 6.4 agus 6.5.

1.4 Féadfaidh an Cathaoirleach **cruinniú neamhsceidealaithe de chuid an Údaráis** a chomóradh *(Buan-Ordú 11)* nó féadfaidh sé/sí déanamh amhlaidh tar éis iarraidh i scríbhinn a fháil ó thriúr Comhaltaí ar a laghad den Údarás *(Buan-Ordú 4.3)*.

1.5 **Oscailteacht agus Díospóireacht:** Tá idirphlé atá cuiditheach agus ceisteach araon ríthábhachtach maidir le feidhmiú éifeachtach an Bhoird. Cuireann an Cathaoirleach cultúr oscailteachta agus díospóireachta chun cinn tríd an lucht príomhbhainistíochta agus gach comhalta den Bhord a chumasú rannchuidiú éifeachtach a dhéanamh *(An Cód Cleachtais, 2.2)*[11], *(Buan-Ordú 3.3)*.

1.6 **Faisnéis Thráthúil:** Tá an Cathaoirleach freagrach as a chinntiú go bhfaigheann an Bord faisnéis atá cruinn, tráthúil agus soiléir. Cinntíonn an Cathaoirleach go ndéantar cumarsáid éifeachtach le gach leas-sealbhóir iomchuí *(An Cód Cleachtais, 2.2)*[12].

1.7 **Scileanna an Bhoird:** I gcás go mbeidh an Cathaoirleach den tuairim go bhfuil scileanna sonracha ag teastáil ar an mBord, ba cheart dó/di an tuairim sin a chur in iúl don Aire iomchuí. Ba cheart don Chathaoirleach aird a dhíriú freisin ar an gcóimheas reatha cothromaíochta inscne ar an mBord[13] lena bhreithniú tamall maith sula dtiocfaidh aon fholúntais chun cinn ar an mBord. Is é atá i gceist leis sin a chinntiú go sainaithneofar iarrthóirí a bhfuil na scileanna sonracha sin acu le linn an phróisis a sheolfar faoi na Treoirlínte maidir le Ceapacháin chuig Boird Stáit agus an tAire a chumasú tuairimí an

[9] Ibid
[10] Ciallaíonn BO Buan-Ordú
[11] De réir mhír 1.24 den Chód
[12] Ibid
[13] Ábhar a cuireadh le Foráil 4.4 den Chód: Éagsúlacht, mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú (2020)

Chathaoirligh a chur san áireamh agus iarrthóirí cáilithe á gceapadh aige/aici ó phróiseas stateboards.ie *(An Cód Cleachtais, 2.4)*[14].

1.8 **Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhoird:** Gach bliain, déanfaidh an Cathaoirleach athbhreithniú ar fheidhmíocht comhaltaí aonair agus tionólfaidh sé/sí díospóireacht phríobháideach le gach comhalta de bhun an athbhreithnithe uaidh/uaithi. Áireofar leis sin an rannchuidiú a dhéanann an comhalta ag cruinnithe, freastal an chomhalta ar chruinnithe agus riachtanais oiliúna an chomhalta, i measc nithe eile. *(Buan-Ordú 17.2).*

1.9 **Sreafaí Faisnéise:** Ag gníomhú dó/di faoi threoir an Chathaoirligh, áirítear leis na freagrachtaí atá ar Rúnaí an Bhoird a chinntiú go mbíonn dea-shreafaí faisnéise ann laistigh den Bhord agus dá chuid coistí agus idir an lucht ardbhainistíochta agus comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Bhord. Áirítear leo freisin ionduchtú agus meantóireacht a éascú agus cabhrú le forbairt ghairmiúil leanúnach, de réir mar is gá *(An Cód Cleachtais, 2.5)*[15].

1.10 **Tuarascáil Chuimsitheach chuig an Aire:** Ba cheart don Chathaoirleach tuarascáil chuimsitheach ina gcumhdaítear an Rialálaí Carthanas a thabhairt don Aire iomchuí, i gcomhar le tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an Rialálaí Carthanas, nuair is cuí *(An Cód Cleachtais, 2.6)*.

1.11 **Ráiteas faoi Rialú Inmheánach:** Ba cheart an tuarascáil ón gCathaoirleach chuig an Aire iomchuí maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a chur ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil ón Rialálaí Carthanas. Ba cheart do na hiniúchóirí seachtracha an ráiteas sin a athbhreithniú chun a dheimhniú go léirítear ann go bhfuil ceanglais mhír 1.9(iv) á gcomhlíonadh ag an Rialálaí Carthanas agus chun a dheimhniú go bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis ar tháinig siad ar an eolas fúithi le linn dóibh na ráitis airgeadais a iniúchadh. Ba cheart do na hiniúchóirí seachtracha an tuarascáil uathu ar an ní sin a chur ar áireamh sa tuarascáil iniúchóireachta uathu maidir leis na ráitis airgeadais *(An Cód Cleachtais, 2.7)*[16].

[14] Tógtha ón gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú – leathanach 18.
[15] Ibid
[16] Tógtha ón gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú – leathanach 19.

1.12 **Coiste den Oireachtas:** Nuair is cuí, cuirfidh an Cathaoirleach é/í féin ar fáil do Choiste den Oireachtas chun plé a dhéanamh ar an gcur chuige a ghlacfaidh sé/sí i leith a róil mar Chathaoirleach agus ar na tuairimí atá aige/aici maidir le rannchuidiú amach anseo an chomhlachta nó an Bhoird atá i gceist *(An Cód Cleachtais, 2.8)*[17].

## 6.6 Ról Rúnaí an Bhoird

Tugann rúnaí an Bhoird tacaíocht do Bhord an Rialálaí Carthanas trína chinntiú:

- go gcoinnítear an Bord ar an eolas faoin dea-chleachtas i rialachas corparáideach;
- go gcuirtear faisnéis iomchuí thráthúil ar fáil don Bhord;
- go soláthraítear ionduchtú cuí do chomhaltaí nua den Bhord agus go soláthraítear ionduchtú iomchuí nuair a shainaithnítear riachtanais;
- go bhfuil socruithe rialachais cuí i bhfeidhm do dhaoine a théann isteach sa Bhord agus a fhágann an Bord;
- go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm le haghaidh oibriú éifeachtach an Bhoird; agus
- go ndéantar athbhreithnithe bainistíochta feidhmíochta ar an mBord, ar choistí an Bhoird agus ar an bPríomhfheidhmeannach gach bliain.

[17] Ibid

# 7. Coistí Bhord an Rialálaí Carthanas

## 7.1 Ceapadh chuig Coistí Bhord an Rialálaí Carthanas

Ceadaíonn Bord an Rialálaí Carthanas na ceapacháin a dhéantar chuig Coistí. Ba cheart fógra a thabhairt do Chathaoirleach an Choiste agus do Chathaoirleach an Údaráis i gcás go n-éireoidh aon chomhalta Coiste as.

Féadfaidh Bord an Rialálaí Carthanas comhaltaí seachtracha nach comhaltaí den Údarás iad a ainmniú agus a cheapadh chuig coiste freisin, i gcás go mbeidh scileanna áirithe ag teastáil agus nach mbeidh na scileanna sin ag na comhaltaí de Bhord an Rialálaí Carthanas féin. Ag gníomhú dó thar ceann an Bhoird, stiúrann an Coiste Ainmniúchán an próiseas le haghaidh daoine aonair a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla sonracha, eolas agus taithí iomchuí acu a chuardach, a shainaithint agus a mhealladh chun an ról mar chomhalta Seachtrach de choistí an Bhoird a chomhlíonadh.

## 7.2 Tréimhse Ceapacháin chuig Coistí

Déanann Bord an Rialálaí Carthanas athbhreithniú bliantúil ar na comhaltaí de na coistí. Maireann comhaltas de choiste tréimhse nach mó ná dhá bhliain, mar a fhoráiltear sna Téarmaí Tagartha do gach ceann de na ceithre choiste. Ceaptar comhaltaí seachtracha ar feadh tréimhse nach mó ná dhá bhliain. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan ina dhiaidh sin go ceann tréimhsí breise nach mó ná dhá bhliain suas go tréimhse uasta ocht mbliana san iomlán, mar atá forordaithe sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## 7.3 Éifeachtacht na gCoistí

Déantar athbhreithniú ar éifeachtacht na gCoistí ar bhonn bliantúil, ar aon dul leis an gCód agus leis na téarmaí tagartha. Tugtar tuairisc ar fhreastal ar chruinnithe Coiste sa Tuarascáil Bhliantúil ón Rialálaí Carthanas.

## 7.4 Feidhmeanna na gCoistí

Tá dualgais gach coiste leagtha amach sna Téarmaí Tagartha do gach coiste.

# 8. Príomhróil agus Príomhfheidhmeanna Phríomhfheidhmeannach, Fhoireann Feidhmiúcháin agus Bhaill Foirne an Rialálaí Carthanas

## 8.1 An Príomhfheidhmeannach a cheapadh.

Is é an tÚdarás a cheapann Príomhfheidhmeannach an Rialálaí Carthanas ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tÚdarás agus a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

## 8.2 Príomhfheidhmeannach Gníomhach a cheapadh

I gcás go mbeidh an Príomhfheidhmeannach as láthair nó go dtiocfaidh an post mar Phríomhfheidhmeannach chun bheith folamh, féadfaidh an tÚdarás comhalta den fhoireann a cheapadh mar Phríomhfheidhmeannach Gníomhach de réir alt 20(4) den Acht Carthanas.

## 8.3 Feidhmeanna, cumhachtaí agus oibleagáidí sonracha an Phríomhfheidhmeannaigh

Is é an Bord a cheapann an Príomhfheidhmeannach, atá freagrach as an eagraíocht a riar agus a bhainistiú.

Cuireann an Príomhfheidhmeannach tuarascáil maidir le gníomhaíochtaí an Rialálaí Carthanas isteach mar mhír chaighdeánach ag cruinnithe Boird. Tagann an Príomhfheidhmeannach le chéile go tráthrialta le hardbhainisteoirí, ina n-aonar agus i dteannta a chéile, chun plé a dhéanamh ar dhul chun cinn sna réimsí freagrachta faoi seach agus chun saincheisteanna leathana agus pleanáil chun cinn a bhreithniú. Tá roinnt shoiléir freagrachtaí ann idir ról an Chathaoirligh agus ról Phríomhfheidhmeannach an Rialálaí Carthanas, rud atá doiciméadaithe.[18]

1. **Clár Oibre an Bhoird:** Tá an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach araon freagrach as clár oibre an Bhoird a bhainistiú go héifeachtach agus as a chinntiú go mbíonn dóthain ama ar fáil le haghaidh gach mír ar an gclár oibre, go háirithe saincheisteanna straitéiseacha ar leith, a phlé. Ba cheart don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach teacht le chéile roimh an gcruinniú Boird chun an clár oibre a chomhaontú *(An Cód Cleachtais, 2.1)*.

2. **Cumarsáid a dhéanamh thar ceann an Údaráis:** Is é/í an Príomhfheidhmeannach an príomhurlabhraí don Údarás. Is é/í an Cathaoirleach an t-urlabhraí don Bhord, ag gníomhú dó/di i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach de ghnáth. Féadfaidh an

[18] De réir mhír 1.24 den Chód

tÚdarás a chinneadh go gcoinneofar faoi rún aon ní a phléifear ag cruinniú agus nach ndéanfar aon trácht poiblí air *(Buan-Ordú 22.1)*.

3. Déanann an Bord na feidhmeanna uile atá ag an Údarás faoin Acht Carthanas 2009, seachas na feidhmeanna forchoimeádta, a tharmligean chuig an bPríomhfheidhmeannach agus chuig comhaltaí den fhoireann ardbhainistíochta, de réir mar is cuí. Comhlíonfar feidhmeanna tarmligthe de réir Bheartas an Údaráis maidir le Feidhmeanna Tarmligthe a Fheidhmiú agus de réir cibé beartais eile a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham.

**Tá na feidhmeanna seo a leanas ag an bPríomhfheidhmeannach faoin Acht Carthanas 2009:**

4. Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach riarachán an Údaráis a sheoladh agus a bhainistiú, agus a rialú i gcoitinne, agus comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile (más ann) a chinnfidh an tÚdarás *(alt 20.1)*.

5. Comhlíonfaidh an Príomhfheidhmeannach a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi réir cibé beartas a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham, agus beidh sé nó sí cuntasach don Údarás as an Údarás a bhainistiú go héifeachtúil éifeachtach agus as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí *(alt 20.2)*.

6. Féadfaidh an Príomhfheidhmeannach tograí a chur faoi bhráid an Údaráis maidir le haon ní a bhaineann lena fheidhmeanna *(alt 20.3)*.

7. Féadfaidh an Príomhfheidhmeannach, le toiliú i scríbhinn ón Údarás, aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna a tharmligean chuig comhalta sonraithe d'fhoireann an Údaráis, agus beidh an comhalta foirne sin cuntasach don Phríomhfheidhmeannach as comhlíonadh na bhfeidhmeanna a tharmligfear amhlaidh *(alt 21.1)*.

8. Beidh an Príomhfheidhmeannach cuntasach don Údarás as comhlíonadh na bhfeidhmeanna a tharmligfidh sé nó sí de réir fho-alt 21.1 *(alt 21.2)*.

9. Féadfaidh an Príomhfheidhmeannach, le toiliú i scríbhinn ón Údarás, tarmligean a rinneadh de réir alt 21 a chúlghairm *(alt 21.3)*.

10. Aon uair a cheanglófar air nó uirthi déanamh amhlaidh, déanfaidh an Príomhfheidhmeannach scrúdú ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann orthu agus fianaise a thabhairt don Choiste i ndáil le gnéithe den Rialálaí Carthanas, mar atá leagtha amach in alt 22.1 den Acht.

11. Ar iarraidh i scríbhinn a fháil ó Choiste nó ó Choistí eile, i dteannta an Choiste um Chuntais Phoiblí dá dtagraítear in alt 22, freastalóidh an Príomhfheidhmeannach os a chomhair nó os a gcomhair chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta an Údaráis *(alt 23.2)*, seachas ar aon ní atá, a bhí, nó a fhéadfaidh a bheith sa todhchaí, ina ábhar d'imeachtaí

os comhair cúirte nó Binse sa Stát *(alt 23.3)* agus de réir na bhforálacha atá leagtha amach in *alt 23.4*, in *alt 23.5*, in *alt 23.6,* in *alt 23.7* agus in *alt 23.8*.

12. Tabharfaidh an Príomhfheidhmeannach tuairisc thráthrialta do Bhord an Údaráis maidir le feidhmiú feidhmeanna tarmligthe aige/aici, go háirithe na feidhmeanna sin a bhaineann le nithe comhlíonta agus forfheidhmithe, clárú eagraíochtaí carthanúla agus ceapachán daoine mar chomhaltaí d'fhoireann an Údaráis.

13. De bhun alt 21 den Acht Carthanas 2009, i gcás go mbeartóidh an Príomhfheidhmeannach aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna a tharmligean chuig comhalta sonraithe d'fhoireann an Údaráis, ní mór dó/di toiliú i scríbhinn a lorg ón Údarás ar dtús. I gcásanna den sórt sin, déanfar nóta faisnéise maidir leis an tarmligean beartaithe a chur faoi bhráid Bhord an Údaráis lena chinneadh aige, rud ina leagfar amach na cúiseanna is bun leis an togra.

## 8.4 Ról na Foirne Feidhmiúcháin

Cuimsíonn an Fhoireann Feidhmiúcháin an Príomhfheidhmeannach agus na daoine a thuairiscíonn go díreach dó/di, is iad sin: an Stiúrthóir Gnóthaí Dlí agus Clárúcháin; an Stiúrthóir um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú; an Ceann um Chumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí; an Ceann Gnóthaí Corparáideacha; an Ceann Airgeadais; agus an Ceann Acmhainní Daonna. Tagann an Fhoireann Feidhmiúcháin le chéile go tráthrialta chun plé a dhéanamh ar aon nithe a thagann chun cinn i ngach aonad agus ar aon chinntí a bhíonn le déanamh ag an Údarás go luath. Tá ag an bhFoireann Feidhmiúcháin a Téarmaí Tagartha féin, lena sainítear comhaltas, minicíocht cruinnithe, córam agus raon feidhme obair na Foirne.

## 8.5 Ról Bhaill Foirne an Rialálaí Carthanas

Doiciméadaítear na dualgais do gach ról agus sanntar spriocanna do na baill foirne uile gach bliain agus déantar faireachán ar a bhfeidhmíocht in aghaidh a spriocanna.

# 9. Cóid Iompair, Eitic in Oifig Phoiblí, Nochtadh Leasanna agus Nochtadh Cosanta

## 9.1 Cód Iompair do Chomhaltaí den Údarás agus do Chomhaltaí Coiste.

Mar chomhlacht rialaithe, glacann Bord an Rialálaí Carthanas caighdeáin chuí iompair agus comhlíonann sé iad. Cheadaigh an Bord Cód Iompair Gnó do Chomhaltaí den Údarás agus dá choistí. Áirítear le prionsabail ghinearálta an Chóid sin ionracas, rúndacht, dílseacht agus cothroime. Ceanglaítear leis an gCód sin ar chomhaltaí den Bhord agus ar a chomhaltaí coiste gníomhú i gcónaí de réir an dlí agus na dualgais atá orthu a chur i gcrích de réir na gcaighdeán eiticiúil is airde i gcomhréir leis na hoibleagáidí agus na freagrachtaí atá leagtha amach sa Chód agus sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2012 (dá ngairtear "na hAchtanna um Eitic" anseo ina dhiaidh seo) agus san Acht Carthanas 2009.

Tá ról tábhachtach le himirt ag an mBord maidir le meon eiticiúil an chomhlachta Stáit a shocrú agus a chinntiú go leathfaidh dea-chaighdeáin rialachais agus iompraíocht eiticiúil ar fud gach leibhéil den eagraíocht. Tá na rialuithe seo a leanas i bhfeidhm chun tacú le hiompraíocht chuí laistigh den Rialálaí Carthanas: próiseas le haghaidh ráitis bhliantúla maidir le leasanna ó chomhaltaí den Bhord agus ó bhaill foirne iomchuí a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí; Cód Iompair Gnó; Beartas Coinbhleachta Leasa; Beartas maidir le Calaois agus Éilliú a Chosc agus a Thuairisciú; agus raon beartas corparáideach agus nósanna imeachta corparáideacha.

## 9.2 Nochtadh leasanna áirithe

**Bord an Rialálaí Carthanas agus coistí**

Ar mhaithe le coinbhleachtaí leasa a sheachaint, ní mór do gach comhalta den Bhord agus do gach comhalta Coiste mionsonraí a thabhairt do Rúnaí an Bhoird faoina fhostaíocht nó faoina fostaíocht agus faoi gach leas gnó eile, lena n-áirítear scairshealbha, a d'fhéadfaí a mheas gur coinbhleacht leasa iad nó a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar chomhalta den Bhord nó de Choiste de chuid an Rialálaí Carthanas.

Chun gur féidir an 'Clár Rúnda Leasanna'[19] a nuashonrú, tá gach comhalta den Bhord agus gach comhalta de Choiste de chuid an Rialálaí Carthanas freagrach as a chinntiú go dtabharfar fógra do Rúnaí an Bhoird faoi aon athrú ar a leasanna a bhféadfaí a mheas go n-imreodh sé tionchar ar a chuid oibre nó a cuid oibre le Bord an Rialálaí Carthanas.

Is é an cuspóir atá leis an mBeartas Coinbhleachta Leasa a chinntiú, a mhéid is féidir, go ndéanann comhaltaí den Bhord agus comhaltaí fochoiste cinntí atá saor ó aon tionchair sheachtracha, is cuma cé acu is tionchair phearsanta, tionchair ghairmiúla, tionchair airgeadais nó tionchair neamhairgeadais iad sin. Is é an treoirphrionsabal nuair a bhíonn leasanna á ndearbhú ná nach gá nithe a dhearbhú ach amháin i gcás, i dtuairim daoine eile, gur nithe iad a bhféadfaí a mheas go dtugann siad buntáiste ábhartha nó buntáiste eile go díreach nó go hindíreach don chomhalta den Bhord nó don chomhalta Coiste nó do 'dhuine bainteach', e.g., gaol, dlúthbhall teaghlaigh nó comhpháirtí gnó de chuid an chomhalta.

Foráiltear le Buan-Orduithe Bhord an Rialálaí Carthanas agus na gCoistí freisin gur cheart do gach comhalta aon choinbhleacht leasa a bhaineann le mír ar leith ar an gclár oibre a dhearbhú i dtús an chruinnithe. Ní mór don chomhalta é nó í féin a bhaint ansin den chruinniú nó den chuid sin den chruinniú ar lena linn a phléitear an ní. I gcás, i dtús na díospóireachta, nach eol do chomhalta gurb ann d'aon leas, dearbhóidh an comhalta leas den sórt sin a luaithe a thiocfaidh sé nó sí ar an eolas faoi. I gcás aon amhrais, ba cheart don chomhalta a dhearbhú go hoscailte go bhféadfadh leas a bheith ann.

## 9.3 Sáruithe ar choinbhleachtaí leasa

Féadfar mainneachtain comhaltaí gach coinbhleacht leasa, nó leas a bhféadfadh coinbhleacht a bheith i gceist leis, a dhearbhú a mheas a bheith ina sárú iontaoibhe *prima facie* i leith an Údaráis.  I gcás go bhfaighidh an tÚdarás amach, nó go gcuirfear é ar an eolas, go bhfuil dearbhú neamhiomlán, iarrfar ar an duine lena mbaineann an staid a shoiléiriú ar mhaithe le haon choinbhleacht fhéideartha a réiteach. Idir an dá linn, ní fhéadfaidh an duine aon bhaint a bheith aige/aici le haon ghníomhaíocht de chuid an Bhoird. Déanfar gníomh ceartaitheach cuí tar éis próis chuí, rud ar féidir go mbeidh smachtbhanna i gceist leis, mar a fhoráiltear faoi Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht Carthanas 2009.

[19] Ar aon dul le foráil 5.8 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, déanann Rúnaí an Bhoird agus an Bainisteoir Beartais Rialachais mionsonraí faoi aon leasanna a nochtadh a choimeád i gclár speisialta rúnda.

**Baill foirne an Rialálaí Carthanas**

Cuirtear na baill foirne uile ar an eolas faoi na hoibleagáidí atá orthu faoi alt 10 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht Carthanas 2009 maidir le leas ábhartha nó aon leas eile atá acu in aon chonarthaí, aon chomhaontuithe nó aon socruithe, agus comhlíonann siad na hoibleagáidí sin. Tá an Cód Iompair do bhaill foirne ina ghné thábhachtach den chreat foriomlán a bhfuiltear ag súil leis go n-oibreoidh gach ball foirne laistigh de. Leagtar amach ann na caighdeáin a gceanglaítear ar bhaill foirne cloí leo le linn dóibh na dualgais atá orthu a chomhlíonadh.

## 9.4 Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

**Comhaltaí de Bhord an Rialálaí Carthanas/Comhaltaí Coiste**

I dteannta na n-oibleagáidí atá orthu faoi alt 9 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht Carthanas 2009 a leasanna a dhearbhú don Údarás, tá comhaltaí faoi cheangal an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, freisin. Ceanglaítear ar gach comhalta de Bhord an Rialálaí Carthanas agus dá choistí agus ar gach duine a shealbhaíonn an post mar "Stiúrthóir Ainmnithe" na hoibleagáidí atá air/uirthi ráiteas bliantúil nochta a ullmhú agus a thabhairt a chomhlíonadh[20]. I mí Eanáir gach bliain, seoltar meabhrúchán chuig comhaltaí den Údarás agus chuig comhaltaí coiste maidir leis an dualgas atá orthu leasanna a nochtadh don bhliain roimhe sin.

**Baill foirne an Rialálaí Carthanas**

I dteannta na n-oibleagáidí atá orthu faoi alt 10 de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht Carthanas 2009 a leasanna a dhearbhú don Údarás, tá roinnt comhaltaí den fhoireann ardbhainistíochta, ar sealbhóirí "Post Ainmnithe"[21] iad, faoi cheangal an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, freisin. Ceanglaítear ar gach duine a shealbhaíonn post sinsearach ainmnithe, mar atá sainmhínithe sa reachtaíocht, nó atá forordaithe ag an eagraíocht mar gheall ar chineál ról an duine, na hoibleagáidí atá air/uirthi ráiteas bliantúil nochta a ullmhú agus a thabhairt a chomhlíonadh. I mí Eanáir gach bliain, seoltar meabhrúchán chuig na fostaithe sin maidir leis an dualgas atá orthu leasanna a nochtadh. Ba cheart d'fhostaithe sinsearacha ainmnithe an ráiteas bliantúil uathu a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht

[20] Mar atá sainmhínithe sna Treoirlínte maidir le Comhlíonadh Fhorálacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.
[21] Ibid

an Bhoird.

### 9.5 An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Tá sé mar aidhm ag an Rialálaí Carthanas timpeallacht oibre a chothú ina bhfuil oibrithe ar a gcompord agus ábhair imní á gcur in iúl acu maidir le héagóiritheoireacht fhéideartha laistigh d'oifig an Rialálaí Carthanas. Tá sé mar aidhm againn freisin na tacaí riachtanacha a thabhairt do dhaoine a chuireann fíorábhair imní in iúl. Tá an cineál timpeallachta oibre sin ag teacht le croíluachanna na hoifige, go háirithe iad sin a bhaineann le cothroime, cuntasacht agus meas.

Leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2022 ("an tAcht um Nochtadh Cosanta"), cumasaítear do gach oibrí ábhar imní a chur in iúl faoi éagóiritheoireacht bhraite laistigh den Rialálaí Carthanas agus cinntítear go gcosnófar orthu ar aon bheart díoltais a dhéanfaidh an Rialálaí Carthanas mar gheall ar nochtadh a dhéanamh. Tá rún daingean ag an Rialálaí Carthanas aghaidh a thabhairt ar ábhair imní a bhaineann le héagóiritheoireacht san áit oibre agus an tacaíocht riachtanach a thabhairt do bhaill foirne a chuireann ábhar imní in iúl maidir le haon éagóiritheoireacht laistigh den Rialálaí Carthanas. Tá Beartas maidir le Nochtadh Cosanta[22] i bhfeidhm ag an Rialálaí Carthanas, rud a scaipeadh ar gach ball foirne. Tugann gach ball foirne faoi oiliúint athnuachana bhliantúil ina leith freisin. Tá an Rialálaí Carthanas ina bhall den chlár um Ionracas san Áit Oibre[23].

Foilsíonn an Rialálaí Carthanas Tuarascáil bhliantúil maidir le Nochtaí Cosanta ar a shuíomh Gréasáin agus sa Tuarascáil Bhliantúil uaidh, rud ina ndéantar trácht ar aon nochtaí cosanta a fuair sé ó bhaill foirne.

Faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 367 de 2020, is 'duine forordaithe' é/í Príomhfheidhmeannach an Rialálaí Carthanas chun nochtaí a fháil maidir le héagóiritheoireachtaí iomchuí i leith gach ní a bhaineann le rialáil carthanas de bhun an Achta Carthanas 2009. Soláthraíonn an Rialálaí

[22] Ar fáil ó leathanach an Rialálaí Carthanas maidir le Nochtadh Cosanta.

[23] Tá an clár um Ionracas san Áit Oibre ina thionscnamh de chuid Transparency International Ireland lena gcabhraítear le háiteanna oibre a chothú ina dtugtar tacaíocht do dhaoine ábhair imní maidir le héagóiritheoireacht a chur in iúl agus gníomhú le hionracas. Mar chuid den tiomantas atá againn do chosaint a thabhairt d'oibrithe a chuireann ábhair imní maidir le héagóiritheoireacht in iúl, chuir an Rialálaí Carthanas a ainm leis an ngealltanas um Ionracas san Áit Oibre, agus comhlíonann sé an gealltanas sin, chun a chinntiú nach ndéanfar oibrithe a thuairiscíonn éagóiritheoireacht a phionósú agus go ndéanfar gníomh i leith ábhair imní a cuireadh in iúl.

Carthanas treoir d'oibrithe i gcarthanais maidir leis na nósanna imeachta atá le leanúint le linn nochtadh cosanta a dhéanamh don Rialálaí Carthanas.

## 9.6 Neamhchomhlíonadh oibleagáidí reachtúla

I gcás go dtiocfaidh aon chomhalta de Bhord an Rialálaí Carthanas ar fhianaise nár comhlíonadh aon cheann de na hoibleagáidí reachtúla a bhfuil feidhm acu maidir leis an Rialálaí Carthanas, ba cheart dó/di aird an Chathaoirligh a dhíriú air sin láithreach d'fhonn a shocrú go réiteofaí an ní ar aon dul leis an gCód. Ceanglaítear leis an gCód freisin ar an gCathaoirleach aird an Aire a dhíriú ar an ní, agus (i) iarmhairtí an neamhchomhlíonta sin agus (ii) na bearta a rinneadh nó a dhéanfar chun an ní a réiteach á lua aige/aici. Tá sé de fhreagracht ar na comhaltaí de Bhord an Rialálaí Carthanas a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar aon nithe agus a chinntiú, maidir le haon ábhair imní atá ag comhaltaí nach féidir a réiteach, go dtaifeadfar na hábhair imní sin go foirmiúil sna miontuairiscí ar an gcruinniú de chuid an Bhoird.

## 9.7 Beartas Coinbhleachta Leasa

D'fhorbair an Rialálaí Carthanas Beartas Coinbhleachta Leasa do na comhaltaí dá Bhord agus dá choistí. Is é an aidhm atá leis an mBeartas sin cásanna coinbhleachta leasa a chosc nuair is féidir agus, i gcás go dtiocfaidh aon choinbhleachtaí leasa chun cinn, a chinntiú go mbainisteofar iad ar bhealach nach gcuirfear as do neamhspleáchas ná ionracas na gcinntí ón mBord, óna choistí agus óna bhaill foirne agus nach mbraithfear gur cuireadh as dóibh ach oiread.

# 10. Cruinnithe agus Nósanna Imeachta an Údaráis Rialála Carthanas

## 10.1 Buan-Orduithe an Údaráis

Sna Buan-Orduithe a dhéantar faoi alt 13 agus mír 5(6) de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht Carthanas 2009, leagtar amach na téarmaí ar faoina mbun a chomórtar cruinnithe an Údaráis.

In imthosca áirithe, is féidir go mbeidh cinneadh ó Bhord an Rialálaí Carthanas ag teastáil idir cruinnithe. Bhunaigh an Bord Buan-Orduithe le haghaidh cinntí a dhéanamh idir cruinnithe sceidealaithe.

## 10.2 Miontuairiscí ar Chruinnithe an Údaráis a Fhoilsiú

Foilsítear na miontuairiscí ar chruinnithe Boird ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas tar éis gach cruinnithe de chuid an Bhoird.

## 10.3 Comhairle Ghairmiúil

Ar mhaithe leis na dualgais atá orthu a chomhlíonadh, féadfaidh comhaltaí de Bhord an Rialálaí Carthanas comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil ar chaiteachas réasúnach an Rialálaí Carthanas i gcás go measfar gur gá déanamh amhlaidh chun na freagrachtaí atá orthu mar chomhaltaí den Bhord a chomhlíonadh. Cheadaigh an Bord beartas foirmiúil agus nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh an phróisis sin.

## 10.4 Comhaltaí nua a ionduchtú

Faigheann comhaltaí nua den Bhord agus dá choistí ionduchtú cuimsitheach iomchuí, rud ina bhfreastalaítear ar na riachtanais atá acu agus ina gcinntítear gur féidir leo ról gníomhach a imirt ar an mBord agus/nó ar a choistí, de réir an Bheartais Ionduchtúcháin.

## 10.5 Gníomhaíocht comhaltaí tar éis Éirí As/Dul ar Scor

I gcás go mbeidh comhalta den Bhord nó comhalta coiste ag éirí as nó ag dul ar scor, ní mór dó/di cloí leis an mBeartas agus na nósanna imeachta atá leagtha amach chun go mbeidh sé/sí san airdeall ar choinbhleachtaí leasa nó ar nochtadh míchuí faisnéise a d’fhéadfadh teacht chun

cinn ar shlí eile, ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## 10.6 Aisíocaíocht agus Caiteachais

Tá comhaltaí i dteideal aisíocaíocht a fháil ar chaiteachais a thabhaítear ar an taisteal agus ar chóiríocht agus cothú i leith gnó an Údaráis a sheoladh. Déantar na haisíocaíochtaí sin de réir rátaí a chinneann an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Cloíonn an Rialálaí Carthanas leis na treoirlínte lena gcumhdaítear íoc táillí le Cathaoirleach an Údaráis, le Comhaltaí de Bhord an Rialálaí Carthanas agus le Cathaoirligh agus Comhaltaí a choistí. Áirítear le Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Rialálaí Carthanas sceideal de na táillí agus na caiteachais chomhiomlána a íocadh le Comhaltaí.

## 11. Socruithe Dearbhaithe, Iniúchóireachta agus Comhlíonta

Déanann Bord an Rialálaí Carthanas agus a choistí cláir ghníomhaíochta a cheadú, spriocdhátaí a shocrú agus tosaíochtaí a athbhreithniú agus coinnítear iad ar an eolas faoi dhul chun cinn ina leith sin. Is ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais atá an fhreagracht as méid an chórais rialaithe inmheánaigh a chinneadh bunaithe ar an dea-chleachtas reatha agus is ar Bhord an Rialálaí Carthanas atá an fhreagracht as a chinntiú go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach.

Áirítear leis an gcóras rialaithe inmheánaigh roinnt fochóras, lena n-áirítear rialuithe inmheánacha airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta, straitéisí inmheánacha agus straitéisí bainistíochta riosca. Déanann an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras sin gach bliain.

**Déanann an tÚdarás faireachán ar dhul chun cinn ar na bealaí seo a leanas:**

### 11.1 Tuairisciú Gnó agus Tuairisciú Airgeadais

Ullmhaíonn Bord an Rialálaí Carthanas straitéis chorparáideach a chuimsíonn tréimhse trí bliana agus, ar bhonn bliantúil, ullmhaítear Plean Gnó ina leagtar amach an dóigh a gcuirfear an straitéis chorparáideach chun feidhme. Déanann Bord an Rialálaí Carthanas faireachán air sin ag a chuid cruinnithe tríd an eolas is deireanaí a fháil ón bPríomhfheidhmeannach, tríd an Rianaire nuashonraithe Plean Gnó a fháil, tríd an gClár nuashonraithe Rioscaí Corparáideacha a fháil agus tríd an eolas is deireanaí a fháil ó Chathaoirligh na gcoistí.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as a shocrú go ndéanfaí an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir na gcaighdeán cuntasaíochta iomchuí. Cuirtear iad faoi bhráid an Bhoird lena gceadú ansin, sula gcuirtear iad faoi bhráid an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Ceanglaítear ar an Rialálaí Carthanas Cuntais Bhliantúla a ullmhú agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Tar éis an iniúchta, tíolacfar na cuntais sin agus cóip den tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don Aire, a shocróidh ansin go leagfaí cóipeanna díobh faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Tá nósanna imeachta éifeachtacha bainistíochta buiséid i bhfeidhm, lena n-áirítear faireachán tráthrialta a dhéanamh ar leibhéil ioncaim agus chaiteachais agus tuairisc thráthrialta a thabhairt orthu.

## 11.2 An Comhaontú Formhaoirseachta agus Dearbhaithe leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

Déantar Comhaontú Formhaoirseachta agus Dearbhaithe idir an Rialálaí Carthanas agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail[24] gach bliain, rud ina leagtar amach leibhéal comhaontaithe seirbhíse idir an Rialálaí Carthanas agus an Roinn chun gur féidir feabhas a chur ar a éifeachtaí agus a éifeachtúla atá seirbhísí poiblí iomchuí. Leagtar amach sa doiciméad na spriocanna atá ag an Rialálaí Carthanas don bhliain atá i gceist agus sainítear ann na táscairí aschuir agus torthaí ba cheart a úsáid chun feidhmíocht a thomhas.

## 11.3 Iniúchóireacht Inmheánach

Tagann an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí sa Rialálaí Carthanas faoi dhualgais an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.  Is chuig gnólacht seirbhísí gairmiúla a sheachfhoinsítear an dualgas chun iniúchtaí inmheánacha a dhéanamh. Is é an cuspóir atá leis an iniúchóireacht inmheánach a chinntiú go seoltar oibríochtaí an Rialálaí Carthanas de réir na gcaighdeán is airde trí fheidhm dearbhaithe atá neamhspleách agus oibiachtúil a sholáthar agus trí chomhairle a thabhairt ar an dea-chleachtas. Déanann na hIniúchóirí Inmheánacha scrúdú agus meastóireacht ar a leordhóthanaí agus a éifeachtaí ar fud na heagraíochta atá córas rialuithe inmheánacha an Rialálaí Carthanas.

Tá Cairt Iniúchóireachta Inmheánaí ann, rud ina leagtar amach cuspóir, údarás agus freagracht na nIniúchóirí Inmheánacha laistigh den Rialálaí Carthanas.  Tar éis dearbhú den sórt sin a fháil, is féidir le Cathaoirleach an Bhoird a (h)ainm a chur leis an Ráiteas bliantúil faoi Rialuithe Inmheánacha.

Tugtar fógra don Phríomhfheidhmeannach agus don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais faoi aon saincheisteanna a sainaithníodh le linn na n-iniúchtaí agus moltar dóibh rialuithe a neartú in aon réimsí ina sainaithnítear laigí.

[24] De réir Rannán 8 den Chód

## 11.4 An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais

Tugann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais dearbhú do Bhord an Rialálaí Carthanas maidir le cé acu atá nó nach bhfuil córas cuí um rialuithe inmheánacha (idir rialuithe airgeadais agus rialuithe eile), um bainistíocht riosca agus um rialachas i bhfeidhm.

Is iad seo a leanas na dualgais atá ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais:

- formhaoirseacht a dhéanamh ar phróisis straitéiseacha le haghaidh riosca, rialú inmheánach agus rialachais agus ar a éifeachtaí atá na próisis sin;
- formhaoirseacht a dhéanamh ar na beartais chuntasaíochta agus ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais;
- athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais frithchalaoise, ar phróisis nochta chosanta, agus ar shocruithe le haghaidh imscrúduithe speisialta;
- athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, lena n-áirítear Cuntas an Chomhchiste Infheistíochta, sula gcuirtear iad isteach lena n-iniúchadh, ar na leibhéil earráide a sainaithníodh, agus ar an litir uiríll ón lucht bainistíochta chuig na hiniúchóirí seachtracha, agus moltaí a dhéanamh don Údarás maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart na ráitis airgeadais a ghlacadh;
- athbhreithniú a dhéanamh ar an tuarascáil bhliantúil ón Údarás;
- athbhreithniú a dhéanamh ar chuntais bhainistíochta;
- athbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Rioscaí Corparáideacha;
- breithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na córais a bhunaigh an lucht bainistíochta chun sainaithint, measúnú, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí airgeadais agus ar rioscaí eile;
- formhaoirseacht a dhéanamh ar thograí le haghaidh seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí nó seirbhísí iniúchóireachta seachtraí a chur ar tairiscint nó ar thograí le haghaidh seirbhísí nach seirbhísí iniúchóireachta iad a cheannach ó chonraitheoirí a sholáthraíonn seirbhísí iniúchóireachta;
- formhaoirseacht a dhéanamh ar na próisis iniúchóireachta agus na torthaí ar an iniúchóireacht inmheánach agus ar an iniúchóireacht sheachtrach araon;
- faireachán tréimhsiúil a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn moltaí iniúchóireachta á gcur chun feidhme ag an lucht bainistíochta;
- formhaoirseacht a dhéanamh ar an gComhchiste Infheistíochta;
- teacht le chéile leis an Iniúchóir Seachtrach agus leis an Iniúchóir Inmheánach in éagmais na Foirne Feidhmiúcháin uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana;
- dearbhú a thabhairt don Bhord go mbíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016 agus 2020) á chur chun feidhme ag an Údarás;
- athbhreithniú agus measúnú bliantúil a dhéanamh ar a leordhóthanaí atá cleachtais rialachais an Údaráis agus aon athruithe a mheastar a bheith cuí a mholadh;
- faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí i réimse an rialachais agus ar fhorbairtí rialála eile is iomchuí maidir le gnóthaí an Údaráis a sheoladh agus comhairle a thabhairt don Bhord ar an gcéanna;

- athbhreithniú a dhéanamh ar ráiteas rialachais an Údaráis lena chur ar áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Cuntais;
- athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas le haghaidh faireachán a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn dlíthe agus rialacháin á gcomhlíonadh agus moltaí a dhéanamh don Údarás i ndáil leis na feidhmeanna thuas; agus
- tuarascáil bhliantúil achomair a ullmhú don Bhord faoi Dheireadh na Bliana maidir le gníomhaíochtaí an choiste agus maidir le dul chun cinn in aghaidh phlean oibre an choiste, nó maidir le leibhéil ghníomhaíochta, agus tráchtaireacht a sholáthar ar an gcéanna, más cuí déanamh amhlaidh, agus maidir le haon fhionnachtana ón bpróiseas féinmheastóireachta, lena n-áirítear riachtanais forbartha gairmiúla.

## 11.5 Creat Bainistíochta Riosca

Tá an Rialálaí Carthanas neamhchosanta ar rioscaí féideartha éagsúla arbh é an toradh a bheadh orthu, dá dtiocfadh siad chun cinn, ná drochthionchar a imirt ar an gcumas atá aige freastal ar na riachtanais atá ag a chuid leas-sealbhóirí agus an sainchúram reachtúil atá air a chomhlíonadh. Is é atá i gceist leis na rioscaí sin a bhainistiú ná iad a shainaithint, meastóireacht a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtiocfaidh siad chun cinn, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu a mheasúnú agus bearta a dhéanamh chun iad a mhaolú trí laghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtiocfaidh siad chun cinn nó ar an tionchar a bheidh acu. Tá Creat Bainistíochta Riosca i bhfeidhm ag an Rialálaí Carthanas (lena n-áirítear Beartas Bainistíochta Riosca, ráiteas faoi Fhonn Riosca agus Clár Rioscaí Corparáideacha), rud lena soláthraítear struchtúr trínar féidir le bainisteoirí agus lena bhfoirne bhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a mbainistíonn siad rioscaí agus ar na straitéisí a chuirtear i bhfeidhm chun rioscaí a mhaolú.

Tuairiscíonn Príomhoifigeach Riosca an Rialálaí Carthanas don Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais agus do Bhord an Rialálaí Carthanas araon. Déanann an Príomhoifigeach Riosca agus an Fhoireann Feidhmiúcháin, le tacaíocht ón bhFoireann Ardbhainistíochta, Clár Rioscaí Corparáideacha an Rialálaí Carthanas a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn tráthrialta agus cuireann siad pleananna agus gníomhartha i bhfeidhm chun na rioscaí sainaitheanta a mhaolú go rathúil. Déantar rioscaí ardleibhéil agus rioscaí corparáideacha straitéiseacha a thaifeadadh sa Chlár Rioscaí Corparáideacha agus athbhreithníonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais agus Bord an Rialálaí Carthanas araon iad.

Athbhreithníonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais Clár Rioscaí Corparáideacha an Rialálaí Carthanas ag gach ceann dá chruinnithe ráithiúla. Athbhreithníonn an tÚdarás an Clár Rioscaí Corparáideacha go tráthrialta ag a chuid cruinnithe.

## 11.6 Tuairisciú ar Chomhlíonadh na gCaighdeán Rialachais

Comhlánaíonn an Rialálaí Carthanas seicliosta maidir le comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Cuireann Cathaoirleach an Bhoird a (h)ainm leis an ráiteas faoi chomhlíonadh an Chóid sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais. Tionólann an Rialálaí Carthanas cruinnithe tráthrialta rialachais leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun an t-eolas is deireanaí a thabhairt di ar nithe a bhaineann le rialachas agus chun plé a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na spriocanna atá leagtha síos sa Chomhaontú bliantúil Formhaoirseachta agus Dearbhaithe idir an Rialálaí Carthanas agus an Roinn.

## 11.7 Rialachas Faisnéise

Leagann an Rialálaí Carthanas an-tábhacht ar na Sonraí Pearsanta uile a láimhseáil ar bhealach dleathach, cothrom agus trédhearcach agus tá sé lántiomanta do chearta agus príobháideacht na ndaoine aonair a sealbhaíonn sé a Sonraí Pearsanta a chosaint. Taobh thiar den tiomantas sin atá comhlíonadh na mbeart reachtúil lena n-áirithítear na cearta sin. Déanann an Rialálaí Carthanas athbhreithniú ar a chuid córas agus nósanna imeachta Rialachais Faisnéise ar bhonn tráthrialta chun a chinntiú go leantar leis na cearta sin a chosaint. Tá raon éagsúil reachtaíochta ann lena rialaítear taifid agus coinneáil taifead in Éirinn. Mar rialaitheoir sonraí, comhlíonann an Rialálaí Carthanas na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme, lena n-áirítear iad sin lena gceanglaítear go gcoinneofaí taifid. Áirítear leo sin an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014, an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986, an dlí Cosanta Sonraí, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, i measc nithe eile. Ceanglaítear leis na dlíthe thuasluaite ar an Rialálaí Carthanas sraith beartas rialachais faisnéise a bheith i bhfeidhm aige.

## 12. An Creat Rialachais a Athbhreithniú agus a Cheadú

Coinníonn an tÚdarás an doiciméad seo faoi athbhreithniú agus gabhann sé air féin an doiciméad a athbhreithniú ar bhonn bliantúil agus é a nuashonrú chun aon athruithe sa dea-chleachtas rialachais chorparáidigh, sa dlí nó sa bheartas iomchuí rialtais a léiriú.

## Stair Leasaithe an Chreata:

| Uimhir Leasaithe | Dáta Athbhreithnithe | Cúis leis an nuashonrú |
|---|---|---|
| **000** | 22 Meán Fómhair 2016 | Cheadaigh an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin an dréachtbheartas. Cheadaigh an tÚdarás an doiciméad |
| **001** | 14 Feabhra 2022 | Cuireadh an doiciméad faoi bhráid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais; Nuashonraíodh an doiciméad chun an creat rialachais reatha a léiriú. |
| **002** | 12 Meitheamh 2023 | Cuireadh an doiciméad faoi bhráid an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais lena cheadú aige. |
| **002** | 25 Meitheamh 2023 | Ghlac an tÚdarás an Creat. |
| | | |